Spléach-Threoir

www.singlepensionscheme.gov.ie

# Sochair a Fhabhrú faoin Scéim Aonair

**An bhfuil tréimhse cáilithe ann le go mbeidh tú incháilithe do shochar scoir?**

Ní mór gur íoc tú isteach sa Scéim le 24 mí nó níos mó le bheith incháilithe sochar scoir a fháil faoin Scéim.

**Conas a fhabhraím sochair faoin Scéim?**

Is scéim pinsin sochar sainithe atá bunaithe ar mheántuilleamh gairme í an Scéim Pinsin Aonair.

Fabhraíonn tú dhá chineál sochar, ar a dtugtar méideanna inchurtha orthu, gach uair a íoctar thú agus tú i do chomhalta den Scéim.

I ngach tréimhse íoca, fabhraíonn tú méideanna sochair maidir le:

- do chnapshuim scoir; agus
- do phinsean scoir bliantúil.

Socraíonn do thuilleamh inphinsin an méid a shaothraíonn tú mar mhéideanna inchurtha i ngach tréimhse íoca.

Is féidir go méadófar méideanna sochair a saothraíodh le linn blianta níos luaithe do bhallraíochta den Scéim sna blianta amach anseo le boilsciú a chur san áireamh:

Do Chnapshuim Scoir + Do Phinsin Scoir = **Sochair Scoir na Sceime Aonair**

Suimítear gach ceann de na méideanna tráth do scoir, a fhad is go bhfuil an tréimhse cáilithe críochnaithe agat, agus socraíonn sé sin cad iad na sochair scoir a mbeidh agat. Má ghlacann tú le scor luath, is féidir go ndéanfar coigeartú ar na méideanna seo.

| Blian 1 | Blian 2 | Blian 3 |
|---|---|---|
| **Méid intagartha** | **Méid intagartha + CPI tar éis Bhliain 1** | **Méid intagartha + CPI tar éis Bhliain 1 + CPI tar éis Bhliain 2** |

Is féidir teacht ar shamplaí cuimsitheacha faoin dóigh a ríomhtar sochair scoir, do chomhalta lánaimseartha nó do chomhalta páirtaimseartha, i do Bhileog Faisnéise Scéime.

**Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?**

Is féidir teacht ar eolas níos ginearálta, lena n-áirítear cóip de do **Bhileog Faisnéise Scéime**, i réimse comhaltaí shuíomh idirlín na Scéime Aonair ag www.singlepensionscheme.gov.ie/for-members/

Má tá ceisteanna ar leith agat nó má tá a thuilleadh cabhrach uait, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Pinsin d'fhostóra a mbeidh in ann cabhrú leat.